

Ainm: _____

An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí

Junior **CYCLE** for teachers

Cnuaslá 2019/20


Teicneolaíocht Fheidhmeach



An Roinn Oideachais
agus Scileanna
Department of
Education and Skills



Turas Foghlama an Scoláire



2019/2020

1ú Bliain

Intreoir ar Theicneolaíocht an Fheidhmeach

Foghlaim trí dhul i ngleic le torthaí foghlama

Aonaid Foghlama

2020/2021

2ú Bliain

Foghlaim trí dhul i ngleic le torthaí foghlama

MRB 1

Córais rialaithe a chur i bhfeidhm i gcomhthéacs

Aonaid Foghlama

2021/2022

3ú Bliain

Foghlaim trí dhul i ngleic le torthaí foghlama

MRB 2


Féinanailís agus measúnú an scoláire

SEC

Tionscadal

Scrúdú Deiridh

Íomhánna bunaithe ar íocóin www.flaticon.com




Measúnuithe leanúnacha

Gníomhaíocht – Eispéireas úsáideora

Do scoláirí i rang Teicneolaíocht Fheidhmeach, cén chuma a d'fhéadfadh a bheith ar fhoghlaim ar 'ardchaighdeán', cad é an fhuaim a bheadh aisti, agus cad é an t-eispéireas a bheadh acu?

Úsáid na spásanna thíos chun eispéireas scoláirí a fhiosrú.



Comhthéacs Scoile

Pobalscoil Thaobh an Uisce

Is iarbhunscoil chomhoideachais í Pobalscoil Thaobh an Uisce atá suite i gceantar uirbeach. Tá rang céad bliana Teicneolaíocht Fheidhmeach ann agus scoilt 70:30 buachaillí /cailíní ann. Tá suim ar leith ag na scoláirí sa spórt, códú agus tá a lán acu ina mbaill de ghrúpa óige áitiúil. Bhí an grúpa rannpháirteach in dhá thionscadal ‘dearadh agus déanamh’ agus tá punanna críochnaithe acu. Bhí deacrachtaí ag roinnt de na scoláirí a gcuid smaointeoireachta a chur in iúl sa phunann, mar sin de tá níos mó tacaíochta de dhíth sa ghné sin.



Is grúpa gníomhach iad agus glacann siad páirt ghníomhach i ndíospóireachtaí grúpa. Léirigh cuid mhór scoláirí tuiscint mhaith i leictreonaic bhunúsach. Tá an múinteoir den bharúil go bhfreagródh an rang go maith d’aonad foghlama a mbeadh fócas rialúchán feidhmeach san áireamh ann agus deis ag scoláirí ceisteanna sa timpeallacht áitiúil a fhiosrú.

Gníomhaíocht Príomhfhoghlama

Úsáid an spás thíos chun an phríomhfhoghlaim a shainaithin tú a bhreacadh síos.

Gníomhaíocht: Machnamh ar Thaighde

Faoi láthair, cén chuma atá ar **thaighde** scoláirí?




Gníomhaíocht: Machnamh ar Dhearadh

Faoi láthair, cén chuma atá ar **dhearadh** scoláirí?



Gníomhaíocht: Machnamh ar Réadú

Faoi láthair, cén chuma atá ar **réadú** scoláirí?




'Mo Threoir Dhearaidh' a úsáid – Gníomhaíocht:

Fadhbanna agus dúshláin a shainnithint

Tasc 1:



Cad iad na ceistanna a chaithfidh tú a chur chun an cás a **thuiscint** níos fearr?



'Mo Threoir Dhearaidh' a úsáid – Gníomhaíocht:


- Fiosracht a fhorbairt

Task 1: Cad iad na ceistanna a chaithfidh tú a chur chun an cás a **thuiscint** níos fearr?



'Mo Threoir Dhearaidh' a úsáid

Cinnteoireacht, giniúint smaointe agus ag obair le srianta




An bhfuil réiteach níos fearr ann?

Scríobh treoir dhearaidh ar an gcaoi arbh fhéidir leat an réiteach seo a fheabhsú: **Díreoidh mo threoir dhearaidh ar do a bhfuil ... de dhíth orthu ...chun ...**


Conas is féidir le do smaointe dearaidh athrú dá mbeadh agat le ceann de na rudaí seo a chur san áireamh?

Réitigh a fhíorú (Conas is féidir liom mo smaoinemh dearaidh a dhéanamh)


C: Trí dhearadh nó ar bhealach eile, conas is féidir liom mo réiteach a chóimeáil go héifeachtach?



Bosca aicriligh a chóimeáil?



Ráca a chur le píosa aicriligh?



Q: Do I have the time, materials, equipment and skills to bring my idea to life?

Aiseolas agus Machnamh an Ghrúpa

Conas is féidir “Mo Threoir Dhearaidh” a úsáid chun cabhrú le foghlaim scoláirí?



An féidir leat straitéisí éifeachtacha eile a mholadh a chabhróidh le scoláirí an fhoghlaim is fearr a dhéanamh agus a gcuid foghlama a bhainistiú?

Gníomhaíocht: Critéir Ratha a Ghiniúint

Plé:

Mar fhreagra ar an treoir théamach seo, cad é an chuma a thiocfadh a bheith ar thaighde, treoir agus réadú éifeachtach?

Treoir Dhearaidh an Scoláire:

Dear mionsamhail de réiteach a chabhródh le líon na dtimpistí bóthair i do cheantar a laghdú.



Tasc:

Oibrígí le chéile chun cinneadh a dhéanamh ar na critéir ratha i gcomhair **taighde, dearadh agus réadú éifeachtach** mar fhreagra ar an treoir dhearaidh seo. Breac síos na critéir chomhaontaithe sa spás thíos

Taighde éifeachtach



Dearadh éifeachtach

Réadú éifeachtach

Gníomhaíocht: Critéir ratha a fheidhmiú

Agus na critéir ratha in úsáid, cé chomh héifeachtach is a bhí cáilíocht na foghlama do gach scoláire?

Freagra Mhicheáil – Tionscadal A

Cáilíocht an taighde:

Cáilíocht an dearaidh:

Cáilíocht an réadaithe:

Freagra Caoimhe – Tionscadal B

Cáilíocht an taighde:

Cáilíocht an dearaidh:

Cáilíocht an réadaithe:

Critéir ratha – Teanga an mhúinteora



Cén chuma atá ar **thaighde** éifeachtach?

- Díriú ar shábháilteacht bhóthair ina gcomhthéacs áitiúil.
- Réimse eolais agus staitisticí a thaispeáint de shábháilteacht ar bhóithre.
- Machnamh pearsanta le feiceáil agus tagairtí ann dá gcomhthéacs áitiúil

Cén chuma atá ar **dhearadh** éifeachtach?

- Déantar machnamh ar réimse smaointe
- Tugtar údar leis an smaoineamh a roghnaíodh agus tá sé nasctha le taighde
- Cuirtear feidhm agus gnéithe an dearaidh in iúl go soiléir.

Cén chuma atá ar **réadú** éifeachtach?

- Fianaise ar chruinneas i bpróiseáil agus i gcóimeáil le feiceáil go soiléir
- Taispeántar réimse agus doimhneacht ó thaobh scileanna de
- Freagraíonn an réiteach don treoirdhearaidh.
- Is léir go ndearnadh machnamh ar phróiseas an tionscadail agus ar an smaoineamh deiridh.

Critéir ratha – Teanga a úsáideann scoláirí



Cén chuma atá ar **thaighde** éifeachtach?

- Rinne mé taighde ar cheisteanna sábháilteacht bhóthair i mo cheantar áitiúil féin.
- Thaispeáin mé réimse de réitigh sábháilteachta ar bhóithre
- Rinne mé taighde ar eolas maidir le sábháilteacht ar bhóithre
- Is féidir liom an méid atá foghlama agam a mhíniú agus conas a chuirfinn feabhas

Cén chuma atá ar **dhearadh** éifeachtach?

- Chuir mé réimse de smaointe dearaidh i láthair
- Mhínigh mé conas atá mo smaoineamh dearaidh nasctha le mo thaighde.
- Chuir mé codanna agus mionsonraí uile mo dhearaidh agus mo smaointeoireachta in iúl

Cén chuma atá ar **réadú** éifeachtach?

- Is féidir liom mo réiteach dearaidh a dhéanamh ar ardchaighdeán.
- Thaispeáin mé réimse de scileanna monaraithe
- Chruthaigh mé réiteach chun líon na dtimpistí bóthair i mo cheantar áitiúil a laghdú.
- Mhínigh mé cad é atá foghlamtha agam agus conas is féidir liom feabhas ar chur ar an gcéad tionscadal eile agam.

Ráitis aiseolais

Machnagh orthu seo agus ansin ticeáil iad siúd a mheasann tú atá ina samplaí d'aiseolas foirmitheach maith.

Inis dúinn tuilleadh. Cad é leis a bhfuil siad cosúil? Conas a bhogann siad?

Réalta óir

Mínigh cén fáth a síleann tú é sin

Conas a shíleann tú a mhothaigh sé? Feargach nach raibh muinín ag daoine ann?

Feargach leis féin as bréaga a insint san am atá thart?

Obair ghalánta, shlachtmhar

Maith thú féin!!

Luaigh tú go soiléir dóigh amháin a dtiocfadh seandálaí ar shuíomh. An bhfuil bealaí eile ann?

Forbair na smaointe sin beagán níos mó

Mínigh an dreach atá ar a ghnúis

Go maith, ach níl sé seo chomh maith le ceann do dhearthár!

Cá bhfios duit...?

Caithfidh tú iarracht níos mó a dhéanamh

An chéad áit sa rang

Triail focal acu seo nó ceann de do chuid féin in áit dona –fíochmhar, scáfar, mioscaiseach

Léaráid ar dóigh

Is scothscolaire thú

10/10

Thaispeáin sé dom gur cara maith é nuair a ... (críochnaigh an abairt seo)

Thug tú cur síos an-réalaíoch ar an dochar a dhéanann crith talún. Chun do chuid oibre a fheabhsú, ní mór duit na príomhthearmaí uile a chur isteach. Amharc siar ar an liosta go bhfeicfidh tú na cinn a d'fhág tú ar lár.


Cé na comharthaí de chreimeadh cósta a chonaic tú ar do thuras allamuigh? M.sh. creimeadh carraige, aillte ag titim, damáiste struchtúrtha ar bhallaí, srl.

NCCA Fócas ar an bhFoghlaim, Ceardlann 03, Igh 7

Scan cód / cliceáil le dul chuig Leabhrán CNCM ar Aiseolas Foirmitheach




Smaointeoireacht chruthaitheach agus scileanna chun fadhbanna a réiteach a fhorbairt trí chódú.



Téigh chuig: <https://makecode.microbit.org/>

Gníomhaíocht Micro:bit:

Intreoir chuig na buntreoracha





Céimeanna


1. Cuir bloc **on button pressed** isteach chun an cód a rith agus cnaipe **A** brúite.
2. Cuir bloc **show string** laistigh de **on button A pressed** chun téacs a thaispeáint. Athraigh an téacs de réir mar is gá.
3. Cuir bloc **pause** i ndiaidh bloc **show string**. Athraigh an t-am feithimh de réir mar is gá.
4. Cuir bloc **show icon** i ndiaidh an bhloic **pause**. Athraigh an deilbhín de réir mar is gá.
5. Cóipeáil agus greamaigh an bloc críochnaithe **on button A pressed**.
6. Athainmnigh ar 'cnaipe A' go 'croitheadh'. Athraigh an deilbhín de réir mar is gá.
7. Breathnaigh ar an ionsamhlóir agus déan cinnte go léiríonn sé an téacs agus na deilbhíní ar an scáileán.
8. Má tá micro:bit nasctha leis, cliceáil **Download** chun do chód a aistriú!

An comhad HEX a aistriú chuig an micro:bit.

A luaithe is a bhíonn an comhad íoslódáilte, 'cóipeáil' an comhad ón bhfillteán Íoslódálacha agus 'greamaigh' é sa tiomáint Micro:bit.



Forbairt scileanna códaithe a phleanáil



An fhadhb / dúshlán a thuiscint – cén t-eolas atá de dhíth chun í a réiteach?

Bloic chódaithe a úsáid agus an seicheamh a chruthú chun an fhadhb a réiteach

A fháil amach má tá an réiteach éifeachtach. An féidir leis a bheith níos fearr? Más féidir, conas?

Do chód a íoslódáil chun an réiteach a fhíorú




Dúshlán códaithe 1:

Ba mhaith le Caoimhe taispeántas digiteach a bheith aici i gcomhair samhail de thrasrian coisithe ina tionscadal.

I ndiaidh comhaireamh síos 5 soicind, cuirfidh an taispeántas in iúl don choisí siúl. I ndiaidh 2 shoicind eile, cuirfidh an taispeántas in iúl do choisithe eile atá ag tarraingt ar an trasrian stopadh.



Próiseas Pleanála




Tóg sos agus Déan Machnamh

Cé chomh éifeachtach is atá an próiseas pleanála seo chun smaointeoireacht chruthaitheach agus réiteach fadhbanna a éascú?

Conas is féidir leis an bpróiseas seo tacú le scoláirí?




Próiseas Pleanála




Nótaí

Conas do sheirbheamótar a nascadh leis an micro:bit




Dúshlán códaithe 2:

Bacainn a oscailt agus a dhruidim trí sheirbheamótar a úsáid





Próiseas Pleanála



Gníomhaíocht Micro:bit:

An raidió a úsáid chun teachtaireachtaí a sheoladh chuig micro:bit eile agus a fháil uaidh




Céimeanna


1. Cuir bloc **on button pressed** chun cód a rith nuair a bhruitear cnaipe **A**.
2. Cuir bloc **radio send string** laistigh de bhloc **on button pressed**. Athraigh an téacs de réir mar is gá.
3. Cuir bloc **show string** laistigh den bhloc **radio received 'received string'**.
4. Cóipeáil agus greamaigh **received string** isteach sa bhloc **show string**.
5. Déan cinnte de go ndéanann na micro:bits cumarsáid go díreach tríd an **radio set group** a shocrú ar cainéil leis an uimhir chéanna.
6. Breathnaigh ar an ionsamhlóir agus déan cinnte go léiríonn sé an téacs agus na deilbhíní ar an scáileán.
7. Má tá micro:bit nasctha leis, cliceáil **Download** chun do chód a aistriú!

Dúshlán códaithe 3:

Úsáid micro:bit amháin chun comhartha raidió a sheoladh chuig micro:bit eile go n-osclóidh sé a bhacainn ar feadh 2 shoicind. Ansin druid an bhacainn.




Próiseas Pleanála




Dúshlán códaithe 4:

Oiriúnú ar dhúshlán códaithe 3:

Má bhíonn cnaipe A nó cnaipe B ar micro:bit amháin brúite, osclaítear nó druidtear an bhacainn chuig micro:bit eile.



Próiseas Pleanála



Dúshlán forbartha


Taispeánann roinnt de na comharthaí sábháilteacht bóthair luas an trácha atá chucu. Úsáid gné an raidió chun cumarsáid a dhéanamh gan sreang idir an dá micro:bit agus déan an tasc seo a leanas.

Tasc:

Más í ≤ 50 an uimhir randamach a roghnaítear ar micro:bit amháin, léirigh aghaidh shásta ar an dara micro:bit, seachas sin léirigh aghaidh bhrónach.



Próiseas Pleanála



Chun tuilleadh ceachtanna teagaisc a fheiceáil:

<https://makecode.microbit.org/#>

Foghlaim do na scoláirí amach anseo

Cad é a gcaithfidh mé smaoineamh faoi más mian liom mo fhréamhshamhail a bhogadh chun cinn agus réiteach deiridh a fháil?

DESIGN IDEAS – Reflection Point

How might I share my thinking and design ideas with others?

- Plan and think about your design ideas and the focus for your project.
- Use some of the following reflection questions to communicate the background to the idea and to explain your thinking.

Pause & Reflect

Questions you might ask ...

- Are my design/creative solutions clearly understood by others?
- Why is the design needed?
- What will our product be?
- What is the design idea?
- How can I describe it to explain all aspects of your thinking?
- When and where might it be used?
- What will the design idea or solution cost?
- How will I make/produce my solution?
- What materials will I use?
- What tools/equipment will I use?
- Do I have the time, materials, equipment and skills to bring my ideas to life?
- What have I learned from my prototype design?

Gather Feedback

Questions you might ask ...

- What do you like and dislike about my design idea/solution?
- What would you suggest to improve it (be as specific as you can)?
- How might I improve my idea? (You might focus this question on a key area of your project)
- Have you any questions about what my design is, why it's needed and how it works?

Evaluate Make Changes Move Forward

Evaluate the feedback ...


- Listen to the feedback from others. Think about what area on which you wanted to focus on, for whom and what you want to learn from your research.

Think about making changes ...

- Are there any changes or improvements I could make to the design?
- What do I need for time, materials and equipment available for the project and your skills and experience?
- Am I confident to move on to make a final solution?

Move forward with your design ideas ...

- What can I do next to bring my final design idea to life?



Measúnuithe Rangbhunaithe sa Teicneolaíocht Fheidhmeach

Is ann do dhá Mheasúnú Rangbhunaithe sa Teicneolaíocht Fheidhmeach. Déantar iad a mheasúnú ar leibhéal comónta. Baineann siad leis na torthaí foghlama agus tugann an scoláire fúthu laistigh de thréimhse shonraithe ama le linn am teagmhála ranga de réir amchlár náisiúnta (arna chur in iúl ag CNCM) i rith an fhéilire scoile. Cuirfear an tráthchlár seo le haghaidh na Measúnuithe Rangbhunaithe le haghaidh gach ábhair ar fáil gach bliain ar www.ncca.ie/ga/an-tsraith-shóisearach agus www.curriculumonline.ie/Junior-cycle.

Measúnú Rangbhunaithe 1: Córais rialaithe a chur i bhfeidhm i gcomhthéacs áitiúil a fhiosrú

Cuirfear **Córais rialaithe a chur i bhfeidhm i gcomhthéacs áitiúil a fhiosrú** i gcrích i dtréimhse trí seachtaine. Sa Mheasúnú Rangbhunaithe seo rachaidh an scoláire i ngleic le ceithre réimse gníomhaíochta, agus déanfaidh sé taifeadadh orthu ina thaifead foghlama, a chabhróidh leis a chuid fianaise ar fhoghlaim agus ar ghnóthachtáil a ghiniúint:

- taighde agus anailís
- feidhm
- measúnú a dhéanamh ar a Mheasúnú Rangbhunaithe
- a Mheasúnú Rangbhunaithe a chur in iúl.

Nuair a bheidh an taighde agus anailís déanta, ba cheart don scoláire a chuid torthaí a cheangal le míniú ar an gcaoi a bhfeidhmíonn an córas rialaithe atá roghnaithe aige. Is féidir leis an scoláire leas a bhaint as eolas atá ann cheana ar an gcóras rialaithe atá roghnaithe aige ach ba cheart dó tacú lena chuid idéanna leis an taighde atá déanta aige chun tuiscint bhreisithe a fháil ar na córais rialaithe atá roghnaithe aige. Ach a bheith ag gabháil dó ar an mbealach sin, ba cheart go mbeadh an scoláire ag léiriú tuisceana ar a thopaic féin agus ba cheart go mbeadh sé ag déanamh machnamh ar an bhfaisnéis rithábhachtach a bheidh de dhíth chun a chuid torthaí a chur in iúl go cruinn. Beidh na torthaí foghlama ar a ndéanfar measúnú ag brath, a bheag nó a mhór, ar an topaic a roghnófar agus ar na meáin ina gcuirfear an obair i láthair.

Measúnú Rangbhunaithe 1:

Córais rialaithe a chur i bhfeidhm i gcomhthéacs áitiúil a fhiosrú

Scileanna MRB:

Eispéiris foghlama ón lá inniu:

Ullmhúchán an mhúinteora

Ullmhúchán



An Measúnú Rangbhunaithe a chur i gcrích



An leibhéal gnóthachtála a chinneadh



Na chéad chéimeanna eile

'Ba chóir pleanáil le haghaidh teagaisc, foghlama agus measúnú eolas, tuiscint, scileanna agus luachanna an scoláire a fhorbairt de réir a chéile thar réimse torthaí foghlama na sonraíochta roimh an Measúnú Rangbhunaithe agus fad is a chuirtear i gcrích é. Ba chóir don mhúinteoir treoir agus tacaíocht a thabhairt don scoláire agus é ag cur an Measúnú Rangbhunaithe, **Córais rialaithe a chur i bhfeidhm i gcomhthéacs áitiúil a fhiosrú** i gcrích, agus ba chóir dó an scoláire a chumasú agus a stiúradh.

Lua: Treoirínte do na Measúinuithe Rangbhunaithe, leathanach. 12.

Meabhraigh faoi fheidhm an chórais rialúcháin a roghnaigh tú.

An córas rialúcháin a roghnaíodh:

Feidhm:

Meabhraigh faoi dheiseanna taighde príomha agus tánaisteacha:

| Na Gnéithe Cáilíochta: Córais rialaithe a chur i bhfeidhm i gcomhthéacs áitiúil a fhiosrú | |
|---|---|
| <p>Thar barr ar fad</p> <p>Saothar ina léirítear na Gnéithe sin ar chaighdeán an-ard. Cé nach gá don obair a bheith gan locht ar fad, tá níos mó láidreachtaí ná lochtanna ag baint leis an saothar, agus níl i gceist leis na lochtanna ach lochtanna beaga. Is éasca don scoláire moltaí le haghaidh feabhsúcháin a chur i bhfeidhm.</p> | <ul style="list-style-type: none"> • Bhí modh(anna) an taighde a roghnaíodh don topaic/don tsaincheist neamhéifeachtach agus níl mórán téagair san anailís ar na sonraí/torthaí. • Rinneadh iniúchadh ar an gcóras rialaithe a bhí roghnaithe le beagán sonraí, agus le beagán tagartha nó gan tagairt ar bith dá fheidhmiúlacht • Is beag a thairgtear mar chonclúidí nó ní thairgtear conclúidí ar bith le measúnú an taisc agus ní dhéantar aon mholtaí maidir le feidhm shainithe. • Cuirtear an tasc i láthair i bhformáid neamhoiriúnach agus mar thoradh air sin cuirtear an Measúnú Rangbhunaithe in iúl go neamhéifeachtach. |
| <p>Os cionn na n-ionchas</p> <p>Saothar ina léirítear na Gnéithe sin go han-mhaith. Léiríonn an scoláire tuiscint shoiléir ar an gcaoi le gach réimse den tasc a chur i gcrích. D'fhéadfadh sé go dtabharfaí aiseolas gur gá tuilleadh airde a dhíriú ar ghné áirithe den saothar nó tuilleadh snasa a chur uirthi, ach tá sé ar ardchaighdeán ar an iomlán.</p> | <ul style="list-style-type: none"> • Bhí modh(anna) an taighde a roghnaíodh éifeachtach don topaic agus gineadh leibhéal grinn anailíse leis/leo ar na sonraí/torthaí. • Rinneadh iniúchadh ar an gcóras rialaithe a bhí roghnaithe go mionsonraithe lenar léiríodh tuiscint an-mhaith ar a fheidhm • Tá an measúnú a rinne sé ar an tasc ar ardleibhéal, le conclúidí ábhartha agus cruinne agus léirítear feidhm shainithe. • Cuirtear an tasc i láthair ar chaighdeán an-ard, agus meán éifeachtach á úsáid, le machnamh cúramach ar an bhfaisnéis lena gcuirtear an tasc in iúl go cruinn. |
| <p>Ag teacht leis na hionchais</p> <p>Saothar ina léirítear formhór na nGnéithe sin go maith. Léiríonn sé go raibh tuiscint mhaith ag an scoláire ar an tasc a bhí le déanamh agus tá sé saor ó aon locht suntasach. D'fhéadfadh sé go gcuirfeadh an t-aiseolas in iúl gur gá tuilleadh airde a dhíriú ar réimsí áirithe nó gur gá iad a cheartú, ach tá an obair idir inniúil agus chruinn den chuid is mó.</p> | <ul style="list-style-type: none"> • Bhí modh(anna) an taighde a roghnaíodh iomchuí don topaic agus gineadh roinnt anailíse leis/leo ar na sonraí/torthaí. • Rinneadh iniúchadh ar an gcóras rialaithe a bhí roghnaithe le tagairt éigin dá fheidhmiúlacht • Bhí an measúnú iomchuí; tá na conclúidí gearr agus áirítear leo moltaí maidir le feidhm shainithe. • Cuirtear an tasc i láthair go maith, agus meán iomchuí á úsáid, le machnamh cúramach ar an bhfaisnéis a chuirfeadh in iúl chun an tasc a thaispeáint ar an mbealach is fearr |
| <p>Níor chomhlíon na hionchais go fóill</p> <p>Saothar nach gcomhlíonann riachtanais an Mheasúnaithe Rangbhunaithe ná na nGnéithe a bhaineann leis. B'fhéidir go ndearna an scoláire iarracht mhaith, ach níor thuig sé a raibh i gceist leis an tasc i ndáiríre nó tá sé curtha ó mhaith ag botúin nach beag. Tarraingeoidh an taiseolas aird ar na dearmaid</p> | <ul style="list-style-type: none"> • Bhí modh(anna) an taighde a roghnaíodh don topaic/don tsaincheist neamhéifeachtach agus níl mórán téagair san anailís ar na sonraí/torthaí. • Rinneadh iniúchadh ar an gcóras rialaithe a bhí roghnaithe le beagán sonraí, agus le beagán tagartha nó gan tagairt ar bith dá fheidhmiúlacht • Is beag a thairgtear mar chonclúidí nó ní thairgtear conclúidí ar bith le measúnú an taisc agus ní dhéantar aon mholtaí maidir le feidhm shainithe. |

bhunúsacha ar gá iad a chur ina gceart.

- Cuirtear an tasc i láthair i bhformáid neamhoiriúnach agus mar thoradh air sin cuirtear an Measúnú Rangbhunaithe in iúl go neamhéifeachtach.

An Próiseas AFMA: Léargas Ginearálta

| Roimh an gCruinniú AFMA | |
|--------------------------------------|--|
| Dualgas na Múinteoirí | |
| | <p>Breithiúnas ar obair an scoláire bunaithe ar na Gréithe Cáilíochta Athbheithniú a dhéanamh ar shamplaí anótáilte CNCM atá ábhartha mar is gá (www.curriculumonline.ie)</p> <p>Nóta den tuairiscín a bronnadh ar gach scoláire agus pointe ar bith eile ar mhaith leo tagairt dó nó a mbeasann siad a bheith úsáideach le linn an chruinnithe AFMA</p> <p>Sampla amháin, más féidir, do gach tuairiscín, a aimsiú le húsáid le linn an chruinnithe AFMA</p> <p>Sonraí de na samplaí oibre le haghaidh plé a chur ar aghaidh chuig an éascaitheoir roimh an gCruinniú AFMA</p> |
| Dualgas an Éascaitheora | |
| | Samplaí d'obair a chur na múinteoirí chun tosaigh a bhailiú agus a chóipeáil Ord reatha an chruinnithe AFMA a eagrú |
| Le linn an Chruinnithe AFMA | |
| Dualgas na Múinteoirí | |
| | <p>Sampla amháin ag leibhéal "Nár chomhlíon na hIonchais Fós" a chur i láthair</p> <p>Súil a chaitheamh ar an bpósa oibre le chéile</p> <p>Nóta a bhreacadh de na himpleachtaí a bhaineann leis na cinntí a dhéantar le linn an chruinnithe maidir leis an gcuid eile d'obair an scoláire</p> <p>Diriú ar an gcur chuige 'is fearr oiriúint' a ligeann do mhúinteoirí aontú ar an tuairiscín is oiriúnaí ar an iomlán don obair atá á plé,</p> <p>An próiseas a leanúint ar a sheal i geomhair sampla ag leibhéal na dtuairiscíní eile go léir</p> |
| Dualgas an Éascaitheora | |
| | <p>An cruinniú a thosú agus béim á leagan ar leanúnachas breithiúnais agus ar chomhthuiscint faoi cháilíocht na foghlama ag scoláirí</p> <p>Béim á leagan chomh maith ar fhiúntas an chruinnithe chun aiseolas a thabhairt do scoláirí An plé ginearálta ar shamplaí oibre agus ar Thuairiscíní a threorú agus nóta a bhreacadh d'aon chinntí a dhéantar</p> <p>Féachaint chuige go mbíonn comhaontú ann ach diriú ar fhorbairt eolas gairmiúil agus scileanna</p> |
| I ndiaidh an chruinnithe AFMA | |
| Dualgas na Múinteoirí | |
| | <p>Meabhraíonn gach múinteoir ar mheasúnú obair a gcuid scoláirí bunaithe ar an gcruinniú AFMA</p> <p>Seolann isteach a gcuid tuairiscíní deiridh do gach scoláire</p> |
| Dualgas an Éascaitheora | |
| | <p>Tuairisc an Éascaitheora a chríochnú agus a sheoladh chuig an bPríomhoide</p> <p>Meabhrú ar na nithe ar éirigh go maith leo nó ar a bhféadfaí a fheabhsú don chéad chruinniú eile AFMA</p> <p>Is féidir leis an éascaitheoir a iarraidh ar mhúinteoirí, más mian leo, cuid d'obair na scoláirí a chur isteach i mbanc samplaí:</p> <ul style="list-style-type: none"> • Chun tacú le hionduchtú múinteoirí nua • Chun cabhrú le cruinnithe AFMA amach anseo • Chun úsáid le scoláirí agus le tuismitheoirí trí chaighdeán na hoibre a baineadh amach a léiriú. |

Measúnú Rangbhunaithe 2: Féin-anailís agus measúnú an scoláire

Tugann **Féin-anailís agus measúnú an scoláire** deis don scoláire anailís a dhéanamh ar an obair chúrsa a rinne sé agus ar na scileanna atá aige go dtí seo sa Teicneolaíocht Fheidhmeach. Díreoidh an scoláire an anailís agus an measúnú ar réimse tascanna nó ar thasc ar leith. Beifear ag súil go ndéanfadh an scoláire athbhreithniú criticiúil ar an dul chun cinn a rinne sé agus go sainaithneodh sé réimsí ina bhfuil sé láidir agus réimsí arbh fhéidir leis feabhas a chur orthu, ag féachaint le bonn eolais a chur faoina obair do thionscadal Choimisiún na Scrúduithe Stáit níos faide anonn.

Is é an tábhacht a bhaineann leis an dara Measúnú Rangbhunaithe, **Féin-anailís agus measúnú an scoláire**, go bhfaigheann an scoláire deis a bheith ag cleachtadh le machnamh a dhéanamh ar na cumais atá aige roimh thosú ar phíosa oibre. Nuair a bheidh an fhéinanailís déanta ag an scoláire, ní mór dó an anailís a léirmhíniú agus na torthaí a mheasúnú mar threoir chuiditheach don tionscadal a bheidh le déanamh go luath. Féadfaidh an scoláire meán oiriúnacha ar bith a ghabhann an próiseas a úsáid chun an próiseas féinanailíse agus measúnaithe a chur in iúl. Chun cuidiú lena chur chuige a struchtúru maidir leis an Measúnú Rangbhunaithe, ba cheart don scoláire a chuid oibre a dhíriú ar na bealaí seo a leanas:

- gnéithe den obair chúrsa a shainaithint
- machnamh ar an bhfoghlaim
- a Mheasúnú Rangbhunaithe a chur in iúl

| Na Gnéithe Cáilíochta: Féin-anailís agus measúnú | |
|--|---|
| Thar barr ar fad Saothar ina léirítear na Gnéithe sin ar chaighdeán an-ard. Cé nach gá don obair a bheith gan locht ar fad, tá níos mó láidreachtaí ná lochtanna ag baint leis an saothar, agus níl i gceist leis na lochtanna ach lochtanna beaga. Is éasca don scoláire moltaí le haghaidh feabhsúcháin a chur i bhfeidhm. | <ul style="list-style-type: none">▪ Shainaithin an scoláire raon éagsúil gnéithe den obair chúrsa, lena ligtear dó/di breithnithe mionsonraithe léirsteanacha agus féin-anailís chuimsitheach a dhéanamh ar fhorbairt a scileanna go dtí seo.▪ Rinneadh breithiúnais chriticiúla ar réimsí láidreachtaí agus ar réimsí le haghaidh feabhsaithe agus léiríodh leibhéal sármhaith na feasachta ar an dóigh a dtreorófaí obair sa todhchaí leo sin.▪ Tá cur i láthair na dtorthaí ar chaighdeán sármhaith; agus úsáid á baint as meán éifeachtach lena raibh deis machnamh criticiúil a dhéanamh ar an bhfaisnéis lena |

| | |
|---|---|
| | <p>gcuirtear an Measúnú Rangbhunaithe in iúl ar an mbealach is fearr.</p> |
| <p>Os cionn na n-ionchas</p> <p>Saothar ina léirítear na Gnéithe sin go han-mhaith. Léiríonn an scoláire tuiscint shoiléir ar an gcaoi le gach réimse den tasc a chur i gcrích. D'fhéadfadh sé go dtabharfaí aiseolas gur gá tuilleadh airde a dhíriú ar ghné áirithe den saothar nó tuilleadh snasa a chur uirthi, ach tá sé ar ardchaighdeán ar an iomlán.</p> | <ul style="list-style-type: none"> ▪ Shainnaithe an scoláire raon leathan gnéithe den obair chúrsa, lena ligtear dó/di breithnithe mionsonraithe agus féin-anailís ghrinn de chineál éigin a dhéanamh ar fhorbairt a scileanna go dtí seo. ▪ Bhí na breithiúnais a rinneadh ar réimsí láidreachtaí agus ar réimsí le haghaidh feabhsaithe mionsonraithe agus léiríodh leibhéal an-ard feasachta leo ar an dóigh a dtreorófaí obair sa todhchaí leo sin. ▪ Cuirtear na torthaí i láthair ar chaighdeán an-ard, agus meán éifeachtach á úsáid, le machnamh cúramach ar an bhfaisnéis lena gcuirtear an Measúnú Rangbhunaithe in iúl go cruinn. |
| <p>Ag teacht leis na hionchais</p> <p>Saothar ina léirítear formhór na nGnéithe sin go maith. Léiríonn sé go raibh tuiscint mhaith ag an scoláire ar an tasc a bhí le déanamh agus tá sé saor ó aon locht suntasach. D'fhéadfadh sé go gcuirfeadh an t-aiseolas in iúl gur gá tuilleadh airde a dhíriú ar réimsí áirithe nó gur gá iad a cheartú, ach tá an obair idir inniúil agus chruinn den chuid is mó.</p> | <ul style="list-style-type: none"> ▪ Shainnaithe an scoláire raon gnéithe d'obair chúrsa, trína mbíonn sé in ann breithnithe bailí agus féin-anailís ábhartha de chineál éigin a dhéanamh ar fhorbairt a chuid scileanna go dtí seo. ▪ Bhí na breithiúnais a rinneadh ar réimsí láidreachtaí agus ar réimsí le haghaidh feabhsaithe soiléir agus léiríodh roinnt feasachta leo ar an dóigh a dtreorófaí obair sa todhchaí leo sin. ▪ Cuirtear na torthaí i láthair go maith, agus meán iomchuí á úsáid, le machnamh cúramach ar an bhfaisnéis a thabharfar chun an Measúnú Rangbhunaithe a chur in iúl |
| <p>Níor chomhlíon na hionchais go fóill</p> <p>Saothar nach gcomhlíonann riachtanais an Mheasúnaithe Rangbhunaithe ná na nGnéithe a bhaineann leis. B'fhéidir go ndearna an scoláire iarracht mhaith, ach níor thuig sé a raibh i gceist leis an tasc i ndáiríre nó tá sé curtha ó mhaith ag botúin nach beag. Tarraingeoidh an t-aiseolas aird ar na dearmaid bhunúsacha ar gá iad a chur ina gceart.</p> | <ul style="list-style-type: none"> ▪ Shainnaithe an scoláire raon an-bheag de ghnéithe den obair chúrsa, lena soláthraítear breithniú teoranta agus féin-anailís theoranta ar fhorbairt a chuid scileanna go dtí seo. ▪ Bhí na breithiúnais a rinneadh ar réimsí láidreachtaí agus ar réimsí le haghaidh feabhsaithe doiléir agus léiríodh feasacht theoranta leo ar an dóigh a dtreorófaí obair sa todhchaí leo sin. |

- | | |
|--|--|
| | <ul style="list-style-type: none">▪ Cuirtear na torthaí i láthair i bhformáid neamhoiriúnach agus mar thoradh air sin cuirtear an tasc in iúl go neamhéifeachtach. |
|--|--|

An measúnú deiridh stát-deimhnithe

Beidh na treoracha ar fad don mheasúnú deiridh stát-deimhnithe i dtreoir a eiseoidh Coimisiún na Scrúduithe Stáit. Beidh sí ar fáil don scoláire sa tríú bliain den tSraith Shóisearach.

Deiseanna don Fhoghlaim Amach Anseo



Micro:bit a úsáid (nó spreagthach comhchosúil)

agus aird ar na scileanna taighde a fheabhsú:

Déan machnamh ar cén áit a rachadh an fhoghlaim ina dhiaidh seo do do scoláirí?



Clár micrea-rialtóra



Téarmaíocht na Sraithe Sóisearaí

| | | | |
|---|---|---|---|
| Toradh Foghlama | Is ráitis i sonraíochtaí curaclaim iad na Torthaí Foghlama a chuireann síos ar an tuiscint, na scileanna agus na luachanna a ba chóir do scoláirí a bheith ábalta a léiriú i ndiaidh tréimhse foghlama. | Cruinnithe in Athbhreithniú ar Foghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair (AFMA) | I gcruinnithe in Athbhreithniú ar Foghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair, roinnfidh agus pléifidh múinteoirí samplaí dá gcuid measúnuithe ar obair scoláirí agus tíoicfaidh siad ar chomhthuisceint ar cháilíocht fhoghlaim scoláirí. Beidh gach cruinniú in Athbhreithniú ar Foghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair sainiúil don ábhar agus díreoidh sé ar Mheasúnú Rangbhunaithe a dhéanamh an bliainghrúpa áirithe. |
| Intinn Foghlama (Gluais Téarmaí CNCM) | Is ráiteas é an intinn foghlama do cheacht nó do shraith ceachtanna, ráiteas a chruthaíonn an múinteoir, a chuireann síos go soiléir ar an rud is mian leis an múinteoir a bheid ar eolas ag na scoláirí, a thuigfidh siad agus a bheidh siad ábalta a dhéanamh de thoradh na ngníomhaíochtaí foghlama agus teagaisc | Aonad Foghlama | Nascann Aonad Foghlama Torthaí Foghlama a leagann amach go soiléir cad é a ba chóir a bheidh ar eolas ag scoláirí, a thuigfidh siad agus a bheidh siad ábalta a dhéanamh de thoradh na ngníomhaíochtaí foghlama agus teagaisc laistigh den aonad sin. |
| Measúnuithe Rangbhunaithe (MRBna) (Creat lth. 46) | Is é an cur síos is fearr ar Mheasúnuithe Rangbhunaithe gur ócáidí iad nuair a dhéanann an múinteoir measúnú ar na scoláirí ag úsáid na saintascanna a leagtar amach i sonraíocht an ábhair. Déantar cur síos soiléir ar na tascanna faoi mar a dhéantar ar na critéir don mheasúnú chun tacú le breithiúnas múinteoirí. Tá na critéir le fáil sna Gnéithe Cáilíochta a bhíonn nasctha le gach Measúnú Rangbhunaithe. Cé go bhfuil cosúlacht idir an measúnú foirmitheach a tharlaíonn gach lá sa seomra ranga, i gcás an Mheasúnaithe Rangbhunaithe déantar breith an mhúinteora a thaifead le haghaidh an Athbhreithnithe ar Mheasúnú agus ar Foghlaim Ábhair, agus úsáidtear é i dtuairisciú na scoile do thuismitheoirí agus do scoláirí. | Measúnú Foirmitheach (Creat lth. 35-36) | De réir mar a thugtar isteach níos mó measúnú foirmitheach mar ghnáthchuid den teagasc agus den fhoghlaim i seomraí ranga beidh sé sin mar bhonn agus mar thaca ag an tSraith Shóisearach. Sa mheasúnú foirmitheach, bíonn múinteoirí agus scoláirí ag machnamh conas atá an fhoghlaim ag dul chun cinn agus ag cinneadh ar na chéad chéimeanna eile chun torthaí rathúla a chinntiú. Is cuid rithábachtach den mheasúnú foirmitheach an t-aiseolas a thugann múinteoirí dá gcuid scoláirí. Trí réimse de ghníomhaíochtaí measúnaithe, cabhraíonn an múinteoir leis an scoláire a aithint an méid atá bainte amach aige agus an áit ar féidir tuilleadh foghlama agus forbartha a dhéanamh. Chun an cineál foghlama a fheictear thuas a éascú, forbróidh ról an mhúinteora agus dinimic na hidirghníomhaíochta idir an múinteoir agus an scoláire. Cuirfidh múinteoirí níos mó béime ar mheasúnú a fhí isteach ina gcuid teagaisc chun gur fearr an mhonatóireacht a dhéanfaidh siad ar dhul chun cinn scoláirí ina gcuid foghlama agus a aithneoidh siad conas is féidir leo cabhrú le scoláirí machnamh ar a gcuid foghlama agus anailís chriticiúil a dhéanamh uirthi. |
| Gnéithe Cáilíochta (Gluais Téarmaí CNCM) | Is iad gnéithe cáilíochta na ráitis sa ghearrchúrsa/í sonraíochtaí an ábhair a thacaíonn le múinteoirí chun breithiúnais a dhéanamh faoi cháilíocht obair an scoláire ar mhaithe le gráid ghnóthachtála a bhronnadh i gcomhair deimhniúcháin. Toisc go bhfuil critéir rathúlachta nasctha go dlúth le cuspóirí foghlama agus bunaithe ar ghnáth-phróisis ó lá go lá sa seomra ranga, de réir a chéile léireoidh foghlaim an scoláire na riantanais atá leagtha amach sna gnéithe cáilíochta a úsáidtear chun críocha measúnaithe agus tuairiscithe. | Próifíl Ghnóthachtál a na Sraithe Sóisearaí (Creat lth. 46) | Tabharfaidh an PGSS aitheantas do ghnóthachtáil trasna na réimsí foghlama uile de réir mar a oireann: Ábhair, Gearrchúrsaí, Folláime, Aonaid Tosaíochta Foghlama, Réimsí eile foghlama. Beidh an PGSS bainteach le agus tuairisceoidh sé ar ghnóthachtáil sna heilimintí measúnaithe uile lena náirítear measúnú leanúnach, foirmitheach; Measúnú Rangbhunaithe; agus gráid an CSS a chuimsíonn torthaí ó scrúduithe stat-teistithe agus Tascanna Measúnaithe. |
| Measúnú Suirmitheach (Gluais Téarmaí CNCM) | Is rud suirmitheach é an measúnú nuair a úsáidtear é chun measúnú a dhéanamh ar fhoghlaim scoláire ag deireadh an phróisis teagaisc nó tréimhse foghlama. Is é is cuspóir dó achoimre a thabhairt ar ghnóthachtáil na scoláirí agus a shocrú cé acu agus cá mhéad a thaispeáin siad tuiscint ar an bhfoghlaim sin trína cur i gcomparáid le critéir ratha chomhaontaithe nó le gnéithe cáilíochta. | Critéir Ratha | Tá ceangal idir critéir ratha agus intinní foghlama. Is é an múinteoir agus/nó an scoláire a cheapann iad agus cuireann siad síos ar an gcuma a bheidh ar obair rathúil. Cabhraíonn siad leis an múinteoir agus leis an scoláire breithiúnas a dhéanamh faoi cháilíocht fhoghlaim scoláirí. |
| Córas Rialaithe | Is é atá i gcóras rialaithe go n-úsáidtear comhpháirteanna chun mionathruithe a dhéanamh ar iompar córais, sa dóigh is go bhfeidhmeoidh sé i síl áirithe. | | |

Cad iad na chéad chéimeanna eile agam?

Sna míonna amach romhainn...

Cad é a chaithfidh mé a dhéanamh...

Cad é a d'fhéadfainn a dhéanamh...

Cad iad na straitéisí nua a thiocfadh liom a úsáid

Bogearraí a úsáidtear le linn an lae

Póstaer Réasúnaíochta – PowerPoint agus Inkscape. Íocóin ó www.flaticon.com

Íomhánna Íocóin – www.thenounproject.com

Íomhánna – www.unsplash.com | www.pixabay.com

Cóid MF – www.qrstuff.com

An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí

Junior **CYCLE** for teachers

Sonraí Teagmhála

Oifig Riaracháin:

Ionad Oideachais Mhuineacháin,
Cnoc an Chonnaidh,
Br. Ard Mhacha,
Co. Mhuineacháin.

www.metc.ie

Oifig an Stiúrthóra:

BOOLM,
Sráid an tSéipéil,
Dún Dealgan,
Co. Lú

I gcomhair gach fiosrúcháin déan

teagmháil le:

info@jct.ie

Lean sinn ar Twitter:

[@JCforTeachers](https://twitter.com/JCforTeachers)

[@jct4ed](https://twitter.com/jct4ed)



Príomhshuíomhanna

Gréasáin:

www.jct.ie

www.curriculumonline.ie

www.ncca.ie

